Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11688/23**

| | |
|---|---|
| **CONUN 180** | **DEVGEN 152** |
| **ONU 48** | **SUSTDEV 111** |
| **COHOM 175** | **ENV 884** |
| **CFSP/PESC 1120** | **CLIMA 362** |
| **COPS 405** | **COHAFA 87** |
| **CSDP/PSDC 582** | **MIGR 259** |
| **CONOP 64** | **SAN 469** |
| **COTER 149** | **CYBER 195** |
| **COAFR 284** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 78ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2023 go Meán Fómhair 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 78ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2023 go Meán Fómhair 2024, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3965ú cruinniú a reáchtáladh an 20 Iúil 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 78ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2023 go Meán Fómhair 2024**[1]

1. Is bunphrionsabal de chuid an Aontais é an t-iltaobhachas. Is é an bealach is éifeachtaí chun caidreamh domhanda a rialú ar bhealach a théann chun tairbhe do gach duine. Ní féidir le haon tír amháin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an domhain; ní mór iad a réiteach i dteannta a chéile. Sin é an fáth a leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de bheith ag seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe atá bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus féachfaidh siad le córas iltaobhach dea-fheidhmiúil athchóirithe a bhaint amach, a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár agus a bheidh éifeachtach agus a mhaoineofar go hinbhuanaithe.

2. Tá an iliomad géarchéimeanna os ár gcomhair inniu: Cogadh neamhdhleathach foghach na Rúise ar an Úcráin - sárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe ar dúshlán mór é don tsíocháin agus don tslándáil ar fud an domhain - agus a hiarmhairtí domhanda, an staid sa tSaiheil agus codanna eile den Afraic, an éigeandáil aeráide, neamhshlándáil an tsoláthair bia atá ag dul i méid, ionsaithe córasacha agus creimeadh an daonlathais agus chearta an duine, sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, cibearbhagairtí, chomh maith le cúlú ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, rud a rannchuidíonn le neamhionannais dhomhanda atá níos doimhne ná riamh. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair ar son domhan ina ndéantar ionadaíocht cheart ar leasanna na náisiún agus na ndaoine uile, agus cuirfidh sé feabhas ar na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar mhímhuinín as institiúidí domhanda trína léiriú go ndéanann an t-iltaobhachas beart do chách.

[1] Tríd síos sa doiciméad seo, ní dhéanann úsáid 'an tAontas' réamhbhreith i dtaobh cibé acu an ag 'an tAontas', 'an tAontas agus a Bhallstáit' nó 'na Ballstáit' go heisiach atá an inniúlacht.

3. Chuir paindéim COVID-19 stop tobann leis an dul chun cinn domhanda maidir le forbairt, rud a chuireann moill ar fhíorú Chlár Oibre 2030 agus na SDGanna. Mar gheall ar dhrochiarmhairtí leanúnacha na paindéime agus an tsuaite pholaitiúil agus eacnamaíoch agus an bhoilscithe atá ag dul i méid mar thoradh ar fhogha leanúnach na Rúise faoin Úcráin, tá bac á chur ar iarrachtaí cur chun feidhme na SDGanna a chur ar an mbóthar ceart. Tá na tionchair á mbrath go díréireach ag tíortha agus pobail leochaileacha. Agus é á aithint aige go bhfuil gnóthú iomlán na SDGanna i mbaol, cuirfidh an tAontas dlús lena iarrachtaí chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil. Ní mór dúinn go léir ár bhfreagracht chomhchoiteann a ghlacadh i ndáil leis an méid sin, agus ní mór dúinn a bheith gníomhach i gcónaí chun comhpháirtíochtaí domhanda a fhorbairt chun ár spriocanna coiteanna a bhaint amach.

4. Tá dlúthnasc idir na SDGanna agus an tsíocháin agus an tslándáil agus cearta an duine. Gan an tsíocháin, ní bhainfear amach aon sprioc eile - idir chearta an duine agus an chomhionannas inscne agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ar an uisce, ar an bhfuinneamh agus ar an tslándáil bia. Leanfaidh an tAontas de bheith ina chosantóir agus ina thionscnóir daingean chearta an duine, bíodh siad ina gcearta sibhialta, cultúrtha, eacnamaíocha, polaitiúla nó sóisialta, chomh maith le saoirsí bunúsacha. De mheon Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, a glacadh 75 bliana ó shin, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas aonchiallach cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus a n-uilechoitinne agus a ndodhealaitheacht a chosaint, agus leanfaidh sé de bheith ag obair le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn maidir le cearta an duine. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn go fuinniúil agus iad a uas-scálú ar son an chomhionannais inscne, ar son chearta uile an duine a bheith á gcur chun cinn agus á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chosc agus a dhíothú i gcroílár a chuid iarrachtaí.

5. I bhfianaise an mhéid sin, leanfaidh gníomhaíocht an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe sa bhliain atá le teacht de bheith faoi threoir na dtosaíochtaí uileghabhálacha seo a leanas:

I. Dlús a chur le cur chun feidhme na SDGanna;

II. An rialachas domhanda a neartú i gcomhréir le ‘Ár gComhchlár Oibre';

III. Comhpháirtíochtaí a chothú.

## I. Dlús a chur le cur chun feidhme na SDGanna

6. Is gealltanas iad na SDGanna don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht, rud nach mór dúinn a choinneáil. Leis an gCruinniú Mullaigh maidir leis na SDGanna i mí Mheán Fómhair 2023, tugtar deis uathúil chun aitheantas a thabhairt do na héachtaí a baineadh amach, agus níos tábhachtaí fós an cúlú ar chur chun feidhme na SDGanna i dtreo spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach a aisiompú. Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na SDGanna a bhaint amach, ní mór dúinn tiomantas láidir polaitiúil a shlógadh, feabhas a chur ar shlógadh acmhainní airgeadais ó gach foinse, comhoibriú níos dlúithe, agus gníomhú níos gasta. Is deis ríthábhachtach é Cruinniú Mullaigh na SDGanna chun filleadh ar bhóthar ár leasa, agus ní mór dúinn í a thapú. Ba cheart bealaí a shainaithint ag an gCruinniú Mullaigh chun dlús a chur le cur chun feidhme na SDGanna, i ndlúthshineirgíocht le 'Ár gComhchlár Oibre' roimh 'Cruinniú Mullaigh na Todhchaí' i mí Mheán Fómhair 2024 agus ina dhiaidh sin.

7. I bhfianaise leibhéil na neamhshlándála bia ar fud an domhain, ar ábhar mór imní iad, tá gníomhaíocht chinntitheach déanta ag an Aontas, le freagairt chuimsitheach ó Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear freagairtí daonnúla agus níos fadtéarmaí, agus leanfaidh sé de bheith ag tacú le comhar iltaobhach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhomhanda bia. Ba cheart torthaí Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia a chur san áireamh ag Cruinniú Mullaigh maidir le SDGanna, rud atá ríthábhachtach chun córais bhia dhomhanda atá athléimneach, inbhuanaithe agus cothaitheach a chothú.

8. Tá Tairseach Dhomhanda an Aontais ina rannchuidiú tábhachtach chun dlús a chur le cur i gcrích na SDGanna ar fud an domhain. Tríd an straitéis 'Tairseach Dhomhanda', tá sé d'aidhm ag an Aontas agus na Ballstáit borradh a chur faoi naisc chliste, ghlana agus shlána sna hearnálacha digiteacha, fuinnimh agus iompair agus córais sláinte, oideachais agus taighde a neartú ar fud an domhain. Cuireann an tAontas chun cinn infheistíochtaí nascachta atá athléimneach agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, mar aon le comhpháirtíochtaí cuimsitheacha iontaofa, a chuireann ar chumas ár gcomhpháirtithe a sochaithe agus a ngeilleagair a fhorbairt le tairbhí marthanacha do phobail áitiúla. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go dlúth ó thaobh tacú leis an bhforbairt uirbeach inbhuanaithe ar fud an domhain, agus cur i gcrích an Chláir Oibre Uirbigh Nua á shaothrú aige.

9. Leis an gcéad athbhreithniú deonach ar chur chun feidhme na SDGanna ar leibhéal an Aontais, in éineacht leis na hathbhreithnithe náisiúnta ar Bhallstáit an Aontais, léirítear ár dtiomantas daingean borradh a chur faoi Chlár Oibre 2030 mar threochlár coiteann ar an leibhéal domhanda.

10. Chun na haistrithe riachtanacha a dhéanamh, ní mór acmhainní a shlógadh go gníomhach, mar a aithnítear i bplean spreagtha SDGanna atá beartaithe ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe. Ba cheart go mbeadh maoiniú don fhorbairt mar thosaíocht againn chun an sprioc sin a bhaint amach agus is díol sásaimh dúinn iarrachtaí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maoiniú fadtéarmach don fhorbairt a mhéadú agus trédhearcacht maidir le húsáid acmhainní a fheabhsú. Tacaíonn an tAontas le hathchóiriú a dhéanamh ar an ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta a rachadh chun tairbhe na ndaoine is leochailí agus earraí poiblí domhanda á gcosaint ag an am céanna.

11. Ní mór misean agus samhail na mBanc Forbartha Iltaobhach (MDB) a fhorbairt, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda an lae inniu, agus ag an am céanna tacú leis na pobail is boichte agus is leochailí, go háirithe sna Tíortha is Lú Forbairt (LDCanna), i dTíortha Talamhiata i mBéal Forbartha (LLDCanna) agus i Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS) chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Tá an tAontas tiomanta don phlé leanúnach maidir le hathchóiriú MDB, lena n-áirítear trí éifeachtúlacht a n-úsáide caipitil a fheabhsú agus tríd an spás fioscach do thíortha i mbéal forbartha a leathnú. Déanfaidh an tAontas a dhícheall chun a áirithiú go gcuideoidh na MDBanna leis na SDGanna a bhaint amach. Áirítear leis sin misean traidisiúnta MDBanna deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus borradh a chur faoin rathúnas comhroinnte chomh maith le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an gclaochlú digiteach agus ar dhúshláin dhomhanda mar shampla an t-athrú aeráide, díghrádú an chomhshaoil agus cailliúint na bithéagsúlachta, éagothromaíochtaí, paindéimí agus leochaileacht, chun earraí poiblí domhanda a chaomhnú. Maidir leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), tá an tAontas tiomanta i gcónaí Cearta Tarraingthe Speisialta (CTS) a shlógadh agus a sheachadadh go deonach ar an Iontaobhas Laghdaithe Bochtaineachta agus Fáis agus ar an Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta agus iarrann sé ar dhaoine eile na gealltanais a thugtar don dá iontaobhas sin a leanúint agus a chomhlíonadh go tráthúil. Molann an tAontas gur baineadh amach an sprioc CTS de 100 billiún ag an gCruinniú Mullaigh le haghaidh Comhshocrú Nua um Maoiniú Domhanda.

12. Is freagracht chomhroinnte é a áirithiú go n-oibreoidh Córas Forbartha na Náisiún Aontaithe go héifeachtúil mar phríomhchumasóir do Chlár Oibre 2030. Chuige sin i dteannta a chéile, ní mór teacht ar réiteach maoinithe fadtéarmach intuartha agus inbhuanaithe do Chóras Chomhordaitheoirí Cónaitheacha na Náisiún Aontaithe. Trí Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe a athshuí, a chomhtháthú agus a mhaoiniú ar bhealach inbhuanaithe, agus leas iomlán á bhaint as córas athbheoite an Chomhordaitheora Chónaitheora, is féidir fíordhifríocht a dhéanamh ar an talamh agus an taoide a chasadh maidir le cur chun feidhme na SDGanna. Táimid ag tnúth leis an gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe a neartú ar leibhéal na tíre, áit a gcuirtear deis ar fáil le cur chuige Fhoireann na hEorpa agus Tairseach Dhomhanda an Aontais chun sineirgí straitéiseacha a mhéadú le córas na Náisiún Aontaithe agus le tíortha comhpháirtíochta agus i measc gníomhaithe daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána chun tacú le 'gníomhú aontaithe' de chuid na Náisiún Aontaithe.

13. Is riachtanas práinneach domhanda é gníomhaíocht chinntitheach ar son na haeráide agus is tástáil í ar chumas an chórais iltaobhaigh freagairt. Tá an tAontas tiomanta leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa ghníomhú domhanda ar son na haeráide, ag obair i gcomhar le comhpháirtithe sa chóras iltaobhach chun cur chuige uile-chórais na Náisiún Aontaithe i leith na haeráide a chur chun cinn agus chun sineirgí a chruthú le próisis idirnáisiúnta ábhartha eile. Iarrann an tAontas go gcuirfí Comhaontú Pháras chun feidhme ina iomláine, agus béim á leagan aige ar na sineirgí le Clár Oibre 2030 agus le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú go láidir le haghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir géarchéimeanna tríthaobhacha an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe agus, ag an am céanna, an gníomhú ar son na n-aigéan a neartú chomh maith le ról na leochaileachta aeráide ar fud an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Tá an tAontas tiomanta do chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus atá freagrúil ó thaobh inscne de a chur chun cinn i leith ghníomhú ar son na haeráide, agus ceartas sóisialta, cothroime agus cuimsitheacht a chur chun cinn san aistriú domhanda i dtreo na haeráidneodrachta. Tá an deis ag imeacht uainn go tapa chun an t-ardú teochta a theorannú go 1.5 C. Cuireann an Stocáireamh Domhanda ag COP28 deiseanna ar fáil chun gníomhaíocht maidir le maolú agus oiriúnú a fheabhsú. Agus muid ag dul in oiriúint don athrú aeráide, ní mór dúinn céimeanna breise a ghlacadh go pras chun a áirithiú go mbeidh buaicphointe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain faoi 2025 ar a dhéanaí, lena n-áirítear trí dheireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise gan laghdú. Beidh ról lárnach ag an eolaíocht, ag an teicneolaíocht agus ag an nuálaíocht i ndáil leis sin, rud a éilíonn comhar láidir idirnáisiúnta.

14. Mar thoradh ar an méadú domhanda ar an meánteocht, beidh tionchair thromchúiseacha ar go leor tíortha agus pobal, go háirithe na Tíortha is Lú Forbairt agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go leanfaimid den iarracht chomhchoiteann chun oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear tríd an oiriúnú a phríomhshruthú i bpleananna forbartha náisiúnta. Ag an am céanna, ní mór dúinn ár rannpháirtíocht a neartú go hiltaobhach. Is céim bhreise í samhail na 'Comhpháirtíochta um Aistriú Fuinnimh Cóir' a forbraíodh leis an Afraic Theas, Vítneam, an Indinéis agus an tSeineagáil maidir le dícharbónú agus maidir le dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus maidir le gual a laghdú de réir a chéile. Ag foghlaim ón méid sin, ba cheart dúinn ár n-acmhainní a chomhthiomsú, oibriú le chéile chun tús áite a thabhairt do ghníomhaíocht dhomhanda maidir le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus tús a chur le torthaí nithiúla a bhaint amach ag COP28 in Dubai, agus béim á leagan ar an bpráinn agus ar an deis a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide. Ócáid thábhachtach eile a bheidh sa Chruinniú Mullaigh maidir leis an uaillmhian aeráide i mí Mheán Fómhair chun ár ngealltanais chomhpháirteacha a chothú roimh COP28 agus chun comharthaí soiléire polaitiúla a thabhairt maidir leis an méid a bhfuiltear ag súil leis ó thaobh thoradh an Athbhreithnithe Dhomhanda.

15. Tá tacaíocht tugtha ag an Aontas don iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le hoibleagáidí na Stát i ndáil leis an athrú aeráide. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do ghníomhaíocht aonair agus chomhchoiteann na Stát a chur chun cinn chun bagairt an athraithe aeráide a chosc agus freagairt di agus chun dlúthpháirtíocht a léiriú leo siúd atá an-leochaileach i leith thionchair an athraithe aeráide.

16. Tá bainistiú uisce inbhuanaithe, aeráid-díonach agus éifeachtúil, lena n-áirítear uiscí trasteorann, ríthábhachtach chun Clár Oibre 2030 ina iomláine a bhaint amach, mar a dearbhaíodh ag Comhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe i mí an Mhárta 2023. Ar an leibhéal domhanda, is é an tosaíocht cur chuige uile-chórais na Náisiún Aontaithe i leith uisce a chur chun cinn, chun sineirgí níos fearr idir earnálacha agus idirphlé leanúnach maidir le saincheisteanna a bhaineann le huisce a áirithiú. Tacaíonn an tAontas le bunú Toscaire Speisialta don Uisce de chuid na Náisiún Aontaithe ar cheart ról lárnach a bheith aige maidir le rialachas a neartú ar an leibhéal domhanda agus maidir leis an gClár Oibre Gníomhaíochta Uisce a chur chun feidhme.

17. Tá gníomhaíocht phráinneach ríthábhachtach chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, rud atá bunriachtanach chun seirbhísí éiceachórais ríthábhachtacha a chosaint mar aon le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus laghdú rioscaí tubaiste. Is díol sásaimh don Aontas an Creat Domhanda Bithéagsúlachta, lena leagtar amach treochlár chun an dúlra a chosaint, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, agus rachaidh an tAontas i gcomhar leis na tíortha is leochailí agus is bithéagsúla chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go pras é. Is díol sásaimh don Aontas freisin an Ciste um an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta a bunaíodh le déanaí faoin Áis do Thimpeallacht na Cruinne, a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le tíortha ó thaobh an cumas a bheith acu úsáid inbhuanaithe an dúlra a chosaint, a athbhunú agus a áirithiú. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ). Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta don chomhaontú cinniúnach seo a dhaingniú agus a chur chun feidhme go pras agus tathantaíonn siad ar na stáit uile déanamh amhlaidh. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus leanfaidh sé dá chur chun cinn, lena n-áirítear laistigh d’fhóraim iltaobhacha ábhartha agus go háirithe ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe 2025 maidir leis na hAigéin. Is réimsí iad an Creat Bithéagsúlachta Domhanda agus an Comhaontú maidir leis an mBithéagsúlacht lasmuigh de Dhlínsí Náisiúnta chomh maith leis an gcaibidlíocht maidir le hobair dhomhanda i dtreo conradh i ndáil le plaistigh inar roghnaigh ballraíocht na Náisiún Aontaithe conair an iltaobhachais toisc go bhfuil leas coiteann ann a chruthú go n-éiríonn leis an iltaobhachas, fiú le linn tréimhsí deacra.

18. Chun réamh-mheas a dhéanamh ar bhagairtí sláinte a bheidh ann amach anseo, ní mór dúinn na ceachtanna a foghlaimíodh le blianta beaga anuas a fhoghlaim agus deireadh a chur le timthriall na géarchéime agus na faillí idir paindéimí agus éigeandálaí sláinte trí chlár oibre sláinte domhanda níos comhleanúnaí, níos comhtháite, dírithe ar ghníomhaíocht agus a mhaoineofar go leordhóthanach agus go hinbhuanaithe, a chur chun cinn – agus d'fhonn na SDGanna a bhaint amach ar bhealach níos fearr. I ndáil leis an méid sin, táimid ag tnúth le trí dhearbhú pholaitiúla a ghlacadh ag na Cruinnithe Ardleibhéil maidir le Cosc, Ullmhacht agus Freagairt i ndáil le Paindéimí, maidir le Clúdach Sláinte Uilíoch, agus maidir leis an Eitinn le linn na Seachtaine Ardleibhéil i mí Mheán Fómhair 2023. Beidh na cruinnithe sin ríthábhachtach chun feabhas a chur ar cheannaireacht pholaitiúil ardleibhéil, ar chuir chuige ilearnála, uile-rialtais agus uile-shochaí agus ar mhaoiniú inbhuanaithe chun tacú le córais sláinte náisiúnta neartaithe agus le hailtireacht sláinte láidir dhomhanda a mbeidh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ina chroílár. Leis na torthaí, ba cheart an cur chuige Aon Sláinte Amháin a threisiú, rochtain chothrom ar fhrithbhearta leighis a chothú agus ugach láidir polaitiúil a áirithiú don chaibidlíocht maidir le Comhaontú Paindéime amach anseo. Leanfaidh an tAontas de bheith ag éileamh ionstraim uaillmhianach a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus leanfaidh sé de bheith ag éileamh Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta neartaithe freisin, a bheidh le glacadh ag an gComhthionól Domhanda Sláinte in 2024.

## II. An rialachas domhanda a neartú i gcomhréir le 'Ár gComhchlár Oibre'

19. Ní mór an córas iltaobhach atá ann faoi láthair a oiriúnú chun déileáil leis na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus atá ar na bacáin, lena n-áirítear dlús a chur le cur chun feidhme na SDGanna agus an tsíocháin a chur chun cinn agus coinbhleacht a chosc. Sin é an fáth a dtacaíonn an tAontas go láidir leis na hathchóirithe ar an rialachas domhanda a mhol Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe in 'Ár gComhchlár Oibre' arb é is aidhm dóibh an córas iltaobhach a athbheochan agus é a dhéanamh níos cuimsithí, níos idirnasctha agus níos éifeachtaí. Tá freagracht orainn ar fad tacú le huaillmhian an Ardrúnaí. Tá an tAontas tiomanta bheith ar thús cadhnaíochta i gcur chun feidhme na ngnéithe athchóiriúcháin sin. Áirítear leis sin tacaíocht leanúnach d'athbheochan Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe chun na Náisiúin Aontaithe a dhéanamh níos éifeachtúla, níos trédhearcaí agus níos cuntasaí.

20. Tá an tAontas lántiomanta do ról ceannasach a bheith aige d'fhonn 'Comhshocrú don Todhchaí' a bheidh uaillmhianach agus dírithe ar ghníomhaíocht a bhaint amach mar thoradh ar Chruinniú Mullaigh na Todhchaí in 2024, agus leanfaidh sé dá rannpháirtíocht chuiditheach maidir leis na spriocanna insoláthartha atá beartaithe. Is deis uathúil é seo chun na Náisiúin Aontaithe a uasghrádú agus chun é a chur in oiriúint don todhchaí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá gné chearta an duine a phríomhshruthú go hiomlán sa Chomhshocrú. Is díol sásaimh don Aontas an tuarascáil ón mBord Comhairleach Ardleibhéil maidir le hIltaobhachas Éifeachtach, ina bhfuil tograí uaillmhianacha agus misniúla i dtreo rialachas domhanda níos éifeachtaí agus níos cuimsithí. Chuige sin, féachfaidh an tAontas le comhleanúnachas níos fearr a áirithiú idir obair na Náisiún Aontaithe agus cláir oibre G7 agus G20. D'fhonn ár dtiomantas do chórais dhomhanda níos cothroime, níos éifeachtaí agus níos cuntasaí a chruthú, tacaíonn an tAontas Eorpach freisin le háit a bheith ag an Aontas Afracach ag an G20.

21. Mar chuid den 'Chomhshocrú don Todhchaí', ní mór do 'Clár Oibre Nua don tSíocháin' gealltanas athnuaite a thabhairt thar ceann na náisiún uile chun prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú, an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil, agus staonadh ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid. Deis atá sa Chlár Oibre Nua don tSíocháin freagairtí nua a mhúnlú ar sheanbhagairtí agus ar bhagairtí nua, lena n-áirítear trí chosc a neartú, trí shíochánaíocht na Náisiún Aontaithe a chur in oiriúint don timpeallacht nua seo, agus trí ollstruchtúr chothú na síochána a neartú, lena n-áirítear trí mhaoiniú leordhóthanach, intuartha agus leanúnach a áirithiú do chothú na síochána agus tríd an gclár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme i ngach gné de chomh maith leis an gclár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil. Ba cheart dó rannchuidiú leis an ollstruchtúr domhanda maidir le rialú arm, dí-armáil agus neamhleathadh mar aon le córais iltaobhacha um rialú ar onnmhairí a chaomhnú, a chur chun feidhme agus a neartú a thuilleadh. Leis an gClár Oibre Nua don tSíocháin, ba cheart an comhar iltaobhach a neartú chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, ionsaithe hibrideacha, chomh maith le rioscaí cibearbhainteacha a chosc agus a chomhrac i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine. Ba cheart an rialachas domhanda a threisiú leis freisin ar mhaithe le húsáid shíochánta, shlán agus inbhuanaithe a bhaint as an gcianspás, agus é mar aidhm leis sineirgí a neartú idir na tionscnaimh éagsúla rialachais chun an tslándáil spáis a threisiú. Tá comhpháirtíochtaí láidre idir na Náisiúin Aontaithe, na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFIanna) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile bunriachtanach le haghaidh córas domhanda idirnasctha, cuimsitheach agus éifeachtach chun dul i ngleic le rioscaí straitéiseacha an lae inniu ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an tslándáil.

22. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta d'oibríochtaí tacaíochta síochána faoi stiúir an Aontais Afracaigh (AA) a mhaoiniú ar bhealach leordhóthanach, intuartha agus leanúnach agus tacaíonn sé le ranníocaíochtaí arna measúnú ag na Náisiúin Aontaithe a bheith á n-úsáid le haghaidh na n-oibríochtaí sin arna n-údarú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar bhonn na gconclúidí ó thuarascáil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na caighdeáin agus na sásraí ábhartha arna gcomhaontú, lena n-áirítear cur chun feidhme chreat an Aontais Afracaigh maidir le comhlíonadh chearta an duine.

23. Tacaíonn an tAontas le hathchóiriú cuimsitheach ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) chun í a dhéanamh níos éifeachtaí, níos cuimsithí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí agus níos cuntasaí agus le go léireofaí réaltachtaí an lae inniu ar bhealach níos fearr trí ghuth na réigiún tearcionadaithe a neartú, go háirithe an Afraic ach gan a bheith teoranta di. Is díol sásaimh don Aontas freisin na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun trédhearcacht agus cuntasacht na Comhairle Slándála a mhéadú. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas an rún stairiúil ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le húsáid an chrosta agus tacaíonn sé leis an gcaidreamh idir an Comhthionól Ginearálta agus an Chomhairle Slándála a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear maidir le hábhair a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe. Tacaíonn an tAontas go hiomlán le tionscnamh na Fraince/Mheicsiceo maidir le srianadh an chrosta i gcásanna ina ndéantar ainghníomhartha ollmhóra, chomh maith leis an 'Cód Iompair maidir le gníomhaíocht na Comhairle Slándála i gcoinne cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh'. Tá sé tábhachtach na naisc idir an Coimisiún um Chothú na Síochána agus CSNA a úsáid ar bhealach níos córasaí chun tacú le hiarrachtaí síochána ar gach ilchríoch.

24. Leanfaidh an tAontas de chomhlíonadh an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus tacóidh sé le rochtain gan bhac ar dhaoine atá i ngátar agus ar ghníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach d'fhonn tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Coinbhinsiún maidir le coireanna in aghaidh an chine dhaonna a chosc agus a phionósú chun cuntasacht a neartú agus chun a áirithiú go ndéanfar coireanna den sórt sin a ionchúiseamh. Leanfaidh an tAontas d'uilíocht Reacht na Róimhe a chur chun cinn agus oibriú i gcomhar leis na cúirteanna agus na binsí idirnáisiúnta uile agus tacú leo, go háirithe leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus le sásraí imscrúdaitheacha idirnáisiúnta lena lorgaítear cuntasacht. Tá an tAontas lántiomanta don chuntasacht agus do chomhordú méadaithe agus do ghníomhaíocht éifeachtach a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar gach coir idirnáisiúnta líomhnaithe ar fud an domhain, lena n-áirítear coireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear a rinneadh san Úcráin, lena n-áirítear coir an fhogha.

25. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Comhshocrú Digiteach Domhanda, ceann de na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ag Cruinniú Mullaigh na Todhchaí, mar threochlár le haghaidh prionsabail dhomhanda chomhroinnte atá duinelárnach agus bunaithe ar chearta an duine le haghaidh todhchaí dhigiteach. Ba cheart dó a bheith uaillmhianach agus fís shoiléir a chur in iúl lena soláthraítear creat do ghníomhaíochtaí gaolmhara ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, agus fréamhaithe go domhain san urraim do chearta an duine. Ba cheart leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis na teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an acmhainneacht chun dlús a chur le gnóthú na SDGanna agus rannchuidiú lena ngnóthú. Táimid ag súil go dtacóidh an Comhshocrú Digiteach Domhanda le rochtain oscailte, chobhsaí, shaor agus chuimsitheach ar idirlíon domhanda, idir-inoibritheach, iontaofa, slán agus inbhuanaithe, agus go gcuirfidh sé a shamhail il-gheallsealbhóra chun cinn. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an Intleacht Shaorga anois agus ba cheart í a threorú le cur chuige duinelárnach atá ar son na nuála agus bunaithe ar chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta. Rannchuideoidh an tAontas leis an gComhshocrú Digiteach Domhanda trí oibriú le comhpháirtithe agus comhghuaillíochtaí a bhunú maidir le cearta an duine ar líne agus nascacht.

26. Tá deis ar leith ag Toscaire Teicneolaíochta na Náisiún Aontaithe feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar chomhordú na Náisiún Aontaithe maidir le saincheisteanna digiteacha agus, ag an am céanna, tacú le samhail il-gheallsealbhóra an rialachais idirlín, atá oscailte, cuimsitheach agus díláraithe agus an tsamhail sin a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí seasamh le cibearspás domhanda, oscailte, cobhsaí, saor, slán agus síochánta agus leagann sé béim ar a thiomanta atá sé seasamh le creat normatach na Náisiún Aontaithe maidir le stát-iompar freagrach sa chibearspás agus Clár Gníomhaíochta a bhunú agus a chur chun cinn chun stát-iompar freagrach sa chibearspás a chur chun cinn in 2025. Tacaíonn an tAontas freisin leis na hullmhúcháin do Chód Iompair maidir le sláine faisnéise ar ardáin dhigiteacha, chun cuntasacht na ngníomhaithe éagsúla atá i gceist i dtimpeallacht na faisnéise a áirithiú agus chun tacú le fothú acmhainneachta chun sochaithe a chothú atá athléimneach in aghaidh na bréagaisnéise.

27. Is bealach tábhachtach é tionscnamh an Ardáin Éigeandála chun freagairt dhomhanda níos comhordaithe agus níos comhleanúnaí ar ghéarchéimeanna casta domhanda a áirithiú – is bealach é a thugann tús áite do riachtanais na bpobal is mó atá buailte agus na bpobal is leochailí. Chun freagairt ar dhéine agus ar chastacht na suaití domhanda a bheidh ann amach anseo, ní mór don tionscnamh a bheith cuimsitheach agus geallsealbhóirí éagsúla a thabhairt le chéile. Tacaíonn an tAontas leis an moladh nach mbeadh an t-ardán sin ina bhuanchomhlacht nó ina bhuaneintiteas, ach go mbeadh sé comhdhéanta de shraith prótacal, le gníomhachtú nuair is gá, ag tógáil ar uirlisí agus sásraí feabhsaithe atá ann cheana. Ba cheart dó an úsáid is fearr a bhaint as na sonraí agus an anailís réamhamhairc agus luathrabhaidh atá ar fáil chun foráil a dhéanamh maidir le cinntí fianaisebhunaithe agus eolasacha le linn na freagartha.

28. Ceann de phríomhcholúin 'Ár gComhchlár Oibre' é béim níos mó a leagan ar an oideachas agus ar an óige agus ba cheart é sin a léiriú i nDearbhú maidir leis na glúnta a bheidh ann amach anseo. Ba cheart gur gnáthnós é an t-aos óig a bheith rannpháirteach ar bhonn fónta i bpróisis chinnteoireachta uile na Náisiún Aontaithe trí rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí don óige a leathnú agus a neartú ar gach leibhéal ar fud an domhain. Bunchloch na forbartha inbhuanaithe is ea rochtain chuimsitheach chomhionann ar oideachas ardcháilíochta agus tacaíonn an tAontas le hobair leantach uaillmhianach ar an gCruinniú Mullaigh maidir le Claochlú an Oideachais, go háirithe tríd an gcaibidlíocht maidir leis an 'Comhshocrú don Todhchaí'.

29. Ní mór dúinn aird ar leith a thabhairt ar an ngné shóisialta freisin. Dá bhrí sin, tá an tAontas ag tnúth le páirt ghníomhach a ghlacadh sna hullmhúcháin don Chruinniú Mullaigh Domhanda Sóisialta d'fhonn an cuimsiú sóisialta agus ceartas sóisialta a chothú, idirphlé sóisialta cuimsitheach a chur chun cinn maidir le saincheisteanna mar shampla cosaint shóisialta uilíoch a chur chun cinn, poist chuibhiúla a chruthú, nó scileanna glasa agus digiteacha a fheabhsú.

## III. Comhpháirtíochtaí a chothú

30. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcreideann sé, de bharr a gcineáil agus a raon feidhme domhanda, nach féidir le tíortha aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin ár linne agus iad ag gníomhú ina n-aonar ach go gcaithfidh siad cur le chéile chun dul i ngleic leo. Sa chomhthéacs geopholaitiúil reatha ina bhfuil an ilroinnt agus an deighilt ag dul i méid, leanfaidh an tAontas de bheith ina chomhpháirtí cuiditheach, prionsabálta agus iontaofa agus féachfaidh sé leis na geallsealbhóirí uile a thabhairt le chéile agus idirphlé a chumasú mar iarracht chomhchoiteann chun teacht ar réitigh inbhuanaithe ar dhúshláin dhomhanda bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe, an dlí idirnáisiúnta agus cearta an duine. Bhí comhpháirtíochtaí cabhrach chun dul i ngleic leis na dúshláin is práinní agus leis an iliomad géarchéimeanna atá os ár gcomhair. Leanfaimid de bheith ag éisteacht lenár gcomhpháirtithe, lena ndíol imní, agus leanfaimid de bheith feasach faoi na míchothromaíochtaí domhanda a dhéanann difear do na tíortha is leochailí, chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar a leasanna agus ar a riachtanais. Áirítear leis sin rannpháirtíocht láidir an Aontais sna hullmhúcháin don cheathrú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha agus don tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Tíortha Talamhiata i mBéal Forbartha; tionólfar an dá chomhdháil sin in 2024.

31. Cuirfidh an tAontas dlús lena chomhar le comhpháirtithe ó réigiúin eile chun lántairbhe a bhaint as na comhpháirtíochtaí atá ann cheana agus chun rannpháirtíocht níos éifeachtaí a áirithiú maidir le tosaíochtaí comhroinnte sa chóras iltaobhach. Léiríonn Cruinnithe Mullaigh an Aontais le heagraíochtaí réigiúnacha agus comhpháirtithe mar shampla an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus tAontas Afracach, an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas nó an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh neart ár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus ár dtiomantas comhpháirteach iltaobhachas éifeachtach agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn ar fud an domhain. Leanfaimid d'idirphlé struchtúrtha a bheith againn le grúpaí réigiúnacha laistigh de na Náisiúin Aontaithe chun tionscnaimh agus tosaíochtaí comhpháirteacha a shaothrú. Tógfaimid comhghuaillíochtaí nua le tíortha comhpháirtíochta, neartóimid an comhar le heagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha.

32. Tá ról ríthábhachtach ag an tsochaí shibhialta agus ag geallsealbhóirí eile i ndáil leis an méid sin. De mheon iltaobhachais atá fíorchuimsitheach agus idirnasctha, tá an tAontas tiomanta do rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta atá éagsúil agus neamhspleách agus gach geallsealbhóir eile i bpróisis chinnteoireachta na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn.

---